

CINNÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1745 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Samhain 2020

maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha *acquis* Schengen maidir le cosaint sonraí agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach fhorálacha áirithe an *acquis* céanna sin in Éirinn

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle, agus i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtíú i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“Prótacal Uimh. 19”) thug an Chomhairle údarás d’Éirinn a bheith rannpháirteach i bhforálacha áirithe de *acquis* Schengen.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus 4(3) de Chinneadh 2002/192/CE, tá na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin de le cur i bhfeidhm, idir Éire agus na Ballstáit agus Stáit eile a bhfuil na forálacha sin curtha i bhfeidhm ina leith cheana féin, ach na réamhchoinníollacha maidir le cur chun feidhme na bhforálacha sin a bheith comhlíonta sna Ballstáit sin agus sna Stáit eile uile sin trí chinneadh cur chun feidhme arna dhéanamh ag an gComhairle, ag gníomhú di le haontoilíocht na gcomhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Phrótacal Uimh. 19 agus le hionadaí Rialtas na hÉireann. Féadfaidh an Chomhairle dátaí éagsúla a leagan síos chun na forálacha éagsúla a chur i bhfeidhm de réir réimse an ábhair.
- (3) An 8 Eanáir 2018, chuir Éire in iúl go bhfuil sé ar intinn aici tús a chur le cur chun feidhme na gcodanna seo a leanas de *acquis* Schengen: Córas Faisnéise Schengen (SIS) agus na rialacha gaolmhara maidir le cosaint sonraí.
- (4) Sa litir uaithi dar dáta an 7 Iúil 2020, chuir Éire in iúl go bhfuil sé ar intinn aici tús a chur le cur chun feidhme na gcodanna seo a leanas de *acquis* Schengen: comhar breithiúnach, comhar maidir le drugaí, comhar póilíneachta agus Airteagal 26 den Choibhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a cur chun feidhme ⁽²⁾ (“Coinbhinsiún Schengen”). Sa litir sin, chuir Éire in iúl freisin, Airteagal 27 de Choibhinsiún Schengen, lena n-áirítear Treoir 2002/90/CE ón gComhairle ⁽³⁾ agus Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle ⁽⁴⁾, arb iad na forbairtí a rinneadh air ina dhiaidh sin, mar aon le Cinní 2008/149/CGB ⁽⁵⁾ agus 2011/349/AE ⁽⁶⁾ ón gComhairle amhail ón 1 Eanáir 2022.

⁽¹⁾ IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.

⁽²⁾ An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

⁽³⁾ Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir le sainmhíniú ar éascú teacht isteach, idirthurais agus cónaí neamhúdaraithé (IO L 328, 5.12.2002, lch. 17)

⁽⁴⁾ Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar teacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithé a éascú (IO L 328, 5.12.2002, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

⁽⁶⁾ Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1).

A mhéid a bhaineann leis an gCinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 ⁽⁷⁾, tá sé ar intinn ag Éirinn tús a chur le cur chun feidhme an Chinnidh sin amhail ón 1 Iúil 2022.

- (5) Thug Éire le fios, dá bhrí sin, go raibh sí réidh anois na forálacha sin de *acquis* Schengen dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh 2002/192/CE a chur i bhfeidhm go sealadach, a mhéid a bhaineann siad le feidhmiú SIS (“na forálacha a bhaineann le feidhmiú SIS”), le comhar breithiúnach, le comhar maidir le drugaí, le comhar póilíneachta agus le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen, cé is moite d’Airteagal 27 de Choinbhinsiún Schengen, mar aon le Cinntí 2008/149/CGB agus 2011/349/AE, agus de Chinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994, ar cheart iad a chur chun feidhme ag tráth is faide anonn.
- (6) Maidir leis an meastóireacht ar Éirinn chun a fhíorú go bhfuil na coinníollacha is gá do chur i bhfeidhm na gcodanna ábhartha de *acquis* Schengen inar iarr Éire páirt a ghlacadh comhlíonta, tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ⁽⁸⁾ ón gComhairle. Mar sin féin, ós rud é gur ar bhonn sealadach is ceart feidhm a bheith ag roinnt forálacha de *acquis* Schengen ina bhfuil Éire rannpháirteach, agus nár cheart na meastóireachtaí a dhéanamh go tráth is faide anonn, ní mór na nósanna imeachta maidir le bearta leantacha agus faireacháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 a chuíchóiriú i gcás ina léireoidh na meastóireachtaí sin nár chomhlíon Éire na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm chodanna ábhartha de *acquis* Schengen.
- (7) Le Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, rialaítear bunú, oibriú agus úsáid SIS i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla. Ach a mbeidh sé infheidhme, tiocfaidh an Rialachán sin in ionad Chinneadh 2007/533/CGB ⁽¹⁰⁾ ón gComhairle, a bhfuil feidhm faoi láthair aige maidir leis na cúrsaí sin.
- (8) Ní féidir na forálacha a bhaineann le feidhmiú SIS a chur i bhfeidhm go sealadach mura ndéantar na ceanglais maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, agus bunaithe ar chlár ilbhliantúla agus bhliantúla mheastóireachta an Choimisiúin a bunaíodh de bhun an Rialacháin sin, rinneadh an mheastóireacht ar chosaint sonraí idir an 19 agus an 23 Samhain 2018 agus ghlac an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta an 9 Lúnasa 2019.
- (9) Ba é conclúid na tuarascála meastóireachta go gcomhlíonann Éire na coinníollacha is gá maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha *acquis* Schengen dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d’Airteagal 1 de Chinneadh 2002/192/CE, a mhéid a bhaineann siad le cosaint sonraí, agus, dá bhrí sin, féadfaidh Éire na forálacha sin a chur i bhfeidhm.
- (10) I gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/450 ón gCoimisiún ⁽¹¹⁾, fíoraíodh go bhfuil córas náisiúnta (N.SIS) na hÉireann, ó thaobh na teicneolaíochta de, réidh lena chomhtháthú le SIS.
- (11) Ós rud é go bhfuil na socruithe teicniúla agus dlíthiúla is gá déanta ag Éirinn chun sonraí SIS a phróiseáil agus faisnéis fhorlíontach a mhaltú, is féidir dáta a leagan síos ónar cheart na forálacha a bhaineann le feidhmiú SIS a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach in Éirinn. Ba cheart, le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo, go gceadófaí sonraí SIS, mar aon le faisnéis fhorlíontach agus sonraí breise, a aistriú chuig Éirinn. Leis an úsáid nithiúil a bhaintear as na malartuithe sonraí sin, d’fhéadfaí cur i bhfeidhm ceart na bhforálacha a bhaineann le feidhmiú SIS in Éirinn a fhíorú, trí nósanna imeachta meastóireachta is infheidhme Schengen.

⁽⁷⁾ Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 maidir leis an deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 75 chun drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a iompar (SCH/Com ex (94) 28 rev.) (IO L 239, 22.9.2000, lch. 463).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

⁽¹¹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/450 ón gCoimisiún an 16 Márta 2015 lena leagtar síos ceanglais um thástáil do Bhallstáit atá ag lánpháirtíú sa dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) nó atá ag athrú go mór a gcórais náisiúnta a bhaineann go díreach leis (IO L 74, 18.3.2015, lch. 31).

- (12) Ós rud é gur ceapadh *acquis* Schengen mar chnuasach comhtháite agus go bhfeidhmíonn sé amhlaidh, is é tuairim na Comhairle nach foláir, le haon rannpháirtíocht pháirteach de chuid na hÉireann i bhforálacha *acquis* Schengen, comhchuibheas na réimsí ábhair arb ionann iad agus cnuasach an *acquis* a urramú. Dá bhrí sin, chun na forálacha a bhaineann le feidhmiú SIS a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, is gá go gcuirfeadh Éire i bhfeidhm, ar bhonn sealadach, na forálacha sin de *acquis* Schengen a bhaineann le comhar breithiúnach, le comhar maidir le drugaí, le comhar póilíneachta agus le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen ón dáta céanna le cur i bhfeidhm sealadach na bhforálacha a bhaineann le feidhmiú SIS, eadhon amháil ó dháta chur i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (13) Laistigh de thréimhse sé mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart cuairteanna meastóireachta a thabhairt ar Éirinn chun a fhíorú an bhfeidhmíonn SIS go cuí agus an bhfuil Cinneadh 2007/533/CGB á chur i bhfeidhm i gceart. Laistigh de thréimhse 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart ceistneoirí meastóireachta a sheoladh go hÉirinn agus cuairteanna meastóireachta a thabhairt ar Éirinn de réir mar is iomchuí chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha *acquis* Schengen a bhaineann le comhar breithiúnach, le comhar maidir le drugaí, le comhar póilíneachta agus le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen chun a léiriú gur comhlíonadh na ceanglais a bhaineann leis an reachtaíocht ábhartha agus leis na gníomhaíochtaí oibríochtúla uile.
- (14) I bhfianaise a thábhachtaí atá comhchuibheas i gcur i bhfeidhm *acquis* Schengen agus a thábhachtaí atá SIS mar bheart cúiteach i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, agus ós rud é gur ar bhonn sealadach ba cheart feidhm a bheith ag roinnt de na forálacha de *acquis* Schengen inar bhfuil Éire rannpháirteach, agus nach ndéanfar na meastóireachtaí go tráth is faide anonn, ba cheart sásra a chur i bhfeidhm chun rochtain oibríochtúil na hÉireann ar SIS (“an sásra le rochtain oibríochtúil Éireann ar SIS a tharraingt siar”) i gcás ina mbainfeadh de thátal as na meastóireachtaí sin nár chomhlíon Éire na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann le feidhmiú SIS. Ba cheart feidhm a bheith ag an sásra céanna i gcás ina mbainfeadh de thátal as na meastóireachtaí nach bhfuil na coinníollacha chun na forálacha de *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm a bhaineann le comhar breithiúnach, le comhar maidir le drugaí, le comhar póilíneachta agus le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen chun go bhfeidhmeoidh SIS mar is cuí comhlíonta ag Éirinn, ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin. Sa dá chás sin, ba cheart go scoirfeadh Éire de bheith i dteideal rochtain oibríochtúil a bheith aici ar SIS. Chuige sin, ba cheart don Chomhairle, trí bhithin cinneadh cur chun feidhme, dáta a shocrú óna bhfuil na forálacha a bhaineann le feidhmiú SIS le scor d’feidhm a bheith acu maidir le hÉirinn, agus ba cheart di na socruithe idir thréimhseacha a ghlacadh is gá chun faisnéis fhorlíontach a mhalartú maidir le foláirimh arna n-eisiúint i SIS roimh an dáta sin. Ba cheart do eULISA na socruithe is gá a dhéanamh chun Éire a dhícheangal ó SIS.
- (15) Dá bhrí sin, leis an gcinneadh seo, ba cheart na forálacha a bhaineann le feidhmiú SIS agus na forálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh 2002/192/CE a chur i bhfeidhm go sealadach, cé is moite d’Airteagal 27 de Choinbhinsiún Schengen, mar aon le Cinntí 2008/149/CGB agus 2011/349/AE agus an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 ar cheart iad a chur i bhfeidhm ag tráth is faide anonn. Ar na meastóireachtaí a bhaineann leis na forálacha arna gcur i bhfeidhm go sealadach a chur i gcrích go rathúil, agus gan dochar don sásra chun rochtain oibríochtúil na hÉireann ar SIS a tharraingt siar ba cheart don Chomhairle, laistigh de 24 mhí ar a dhéanaí ó dháta cur i bhfeidhm an Chinnidh seo, an staid a scrúdú d’fhonn cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Chinneadh 2002/192/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 19, lena socrófar an dáta lena gcur i bhfeidhm go críochnaitheach.
- (16) A mhéid a bhaineann le hAirteagal 27 de Choinbhinsiún Schengen agus Cinntí 2008/149/CGB agus 2011/349/AE, ba cheart d’Éirinn iad a chur i bhfeidhm go sealadach amháil ón 1 Eanáir 2022. A mhéid a bhaineann leis an gCinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig, ba cheart d’Éirinn é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2022. Ba cheart d’Éirinn fógra a thabhairt don Chomhairle maidir leis an dáta óna gcuirfidh sí tús le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin dá réir.
- (17) Le Rialachán (AE) 2016/94 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾, aisghaireadh roinnt cinntí ón gCoiste Feidhmiúcháin a bhain le *acquis* Schengen agus dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 1 de Chinneadh 2002/192/CE toisc go raibh siad imithe i léig. Níl, dá bhrí sin, na cinntí sin le cur i bhfeidhm ag Éirinn a thuilleadh. Is amhlaidh atá i gcás na gCinntí ón gCoiste Feidhmiúcháin SCH/Com-ex (93) 14 (comhar praiticiúil idir na húdaráis bhreithiúnacha chun gáinneáil ar drugaí a chomhrac), SCH/Com-ex (98) 52 (an lámhleabhar maidir leis an gcomhar póilíneachta trasteorann) agus SCH/Com-ex (99) 11 rev 2 (comhaontú maidir le comhar in imeachtaí um chionta mótarthrácta).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2016/94 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe ó *acquis* Schengen i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (IO L 26, 2.2.2016, lch. 6).

- (18) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ⁽¹³⁾, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe G, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽¹⁴⁾.
- (19) I gcomhréir le hAirteagal 2 den Chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua ar mhaithe le cearta agus oibleagáidí a bhunú idir Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann de pháirt amháin, agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua de pháirt eile, i réimsí de *acquis* Schengen a bhfuil feidhm acu maidir leis na Stáit sin ⁽¹⁵⁾, chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Measctha, arna bhunú de bhun Airteagal 3 den Chomhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, agus sin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú deiridh sin maidir leis an gCinneadh seo a ullmhú.
- (20) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ⁽¹⁶⁾ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí G, H, agus I de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽¹⁷⁾.
- (21) I gcomhréir le hAirteagal 5 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, cuireadh an Coiste Measctha, a bunaíodh de bhun Airteagal 3 de, ar an eolas faoi ullmhú an Chinnidh seo.
- (22) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ⁽¹⁸⁾ a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointí G, H agus I de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ⁽¹⁹⁾,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déanfar na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) d'Airteagal 1 de Chinneadh 2002/192/CE, a mhéid a bhaineann siad le cosaint sonraí, lena n-áirítear na forálacha ábhartha de na gníomhartha arb ionann iad agus na forbairtí a dhéanfar ar *acquis* Schengen ón uair a glacadh Cinneadh 2002/192/CE agus atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, a chur i bhfeidhm agus beidh feidhm acu maidir le hÉirinn go háirithe ó thaobh an chaidrimh a bheidh aici le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Bulgáire, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le

⁽¹³⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽¹⁴⁾ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá tír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁽¹⁵⁾ IO L 15, 20.1.2000, lch. 2.

⁽¹⁶⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽¹⁷⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

⁽¹⁸⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽¹⁹⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

Poblacht na Cróite, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le hArd-Diúcacht Lucsamburg, leis an Ungáir, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, leis an Rómáin, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne agus le Ríocht na Sualainne, amhail ón 1 Eanáir 2021.

2. Na forálacha a leanas, lena n-áirítear na forálacha ábhartha de na gníomhartha arb ionann iad agus na forbairtí a dhéanfar ar *acquis* Schengen ón uair a glacadh Cinneadh 2002/192/CE agus atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirfear i bhfeidhm iad agus beidh feidhm acu in Éirinn ó thaobh an chaidrimh a bheidh aici le Ríocht na Beilge, le Poblacht na Bulgáire, le Poblacht na Seice, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na hEastóine, leis an bPoblacht Heilléanach, le Ríocht na Spáinne, le Poblacht na Fraince, le Poblacht na Cróite, le Poblacht na hIodáile, le Poblacht na Laitvia, le Poblacht na Liotuáine, le hArd-Diúcacht Lucsamburg, leis an Ungáir, le Poblacht Mhálta, le Ríocht na hÍsiltíre, le Poblacht na hOstaire, le Poblacht na Polainne, le Poblacht na Portaingéile, leis an Rómáin, le Poblacht na Slóivéine, le Poblacht na Slóvaice, le Poblacht na Fionlainne agus le Ríocht na Sualainne, ar bhonn sealadach agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear sa Chinneadh seo, amhail ón 1 Eanáir 2021:

(a) na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) agus (iii) d'Airteagal de Chinneadh 2002/192/CE, a mhéid a bhaineann siad le feidhmiú SIS; agus

(b) na forálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh 2002/192/CE.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo:

(a) déanfaidh Éire Airteagal 27 de Choinbhinsiún Schengen lena n-áirítear Treoir 2002/90/CE agus Cinneadh Réime 2002/946/CGB, arb ionann iad agus na forbairtí a rinneadh air ina dhiaidh sin, chomh maith le Cinntí 2008/149/CGB agus 2011/349/AE a chur i bhfeidhm agus beidh feidhm acu in Éirinn, ar bhonn sealadach amhail ón 1 Eanáir 2022 ar a dhéanaí;

(b) déanfaidh Éire an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 22 Nollaig 1994 a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach agus beidh feidhm aige in Éirinn amhail ón 1 Iúil 2022 ar a dhéanaí.

Tabharfaidh Éire fógra don Chomhairle maidir leis an dáta óna gcuirfidh sí tús le cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Amhail ón 4 Eanáir 2021, déanfar foláirimh SIS mar a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(1) de Chinneadh 2007/533/CGB agus dá dtagraítear i gCaibidlí V (foláirimh maidir le daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil chun iad a thabhairt suas nó a eiseachadh), VI (foláirimh maidir le daoine atá ar iarraidh), VII (foláirimh maidir le daoine atá á lorg chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach), VIII (foláirimh maidir le daoine agus rudaí i ndáil le seiceálacha discrèdeacha nó seiceálacha sonracha) agus IX (foláirimh maidir le hábhair lena n-urghabháil nó lena n-úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla) den Chinneadh sin, chomh maith le faisnéis fhorlíontach agus sonraí breise mar a shainmhínítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 3(1) de, a bhaineann leis na foláirimh sin, a chur ar fáil d'Éirinn i gcomhréir leis an gCinneadh sin.

5. Amhail ón 15 Márta 2021, déanfaidh Éire sonraí a iontráil in SIS agus sonraí SIS mar aon le faisnéis fhorlíontach agus sonraí breise dá dtagraítear i mír 4 a úsáid, i gcomhréir le Cinneadh 2007/533/CGB.

Airteagal 2

1. Faoin 30 Meitheamh 2021, tabharfar cuairteanna meastóireachtaí ar Éirinn i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, chun a fhíorú an bhfeidhmíonn SIS go cuí agus an bhfuil Cinneadh 2007/533/CGB á chur i bhfeidhm i gceart.

2. Faoin 31 Nollaig 2021, seolfar ceistneoirí meastóireachta go hÉirinn agus tabharfar cuairteanna meastóireachta ar Éirinn i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, chun a fhíorú an bhfuil na ceanglais maidir leis an reachtaíocht ábhartha agus na gníomhaíochtaí oibríochtúla uile á gcomhlíonadh i gceart agus an bhfuil na forálacha de *acquis* Schengen a bhaineann le comhar breithiúnach, le comhar maidir le drugaí, le comhar póilíneachta agus le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen á gcur i bhfeidhm i gceart.

3. Cuirfear san áireamh sna tuarascálacha meastóireachta arna ndréachtú i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialacháin (AE) Uimh. 1053/2013 an staid ullmhachta maidir le cur i bhfeidhm nó, más infheidhme, cur i bhfeidhm sealadach, na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Chinneadh seo in Éirinn.

4. Cuirfear na tuarascálacha meastóireachta faoi bhráid na Comhairle. Bainfear de thátal as na tuarascálacha sin an bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha *acquis* Schengen sa réimse áirithe comhlíonta ag Éirinn. I gcás ina mbainfear de thátal as tuarascáil mheastóireachta a bhaineann le ceann de na réimsí seo: an comhar breithiúnach, comhar maidir le drugaí, an comhar póilíneachta nó Airteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen – nach bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha *acquis* Schengen in Éirinn comhlíonta ag Éirinn sa réimse sin, luafar go sainráite sa tuarascáil mheastóireachta sin an ndéanann neamhchur chun feidhme na gcoinníollacha sin difear d'fheidhmiú cuí SIS agus conas a dhéanann neamhchur chun feidhme na gcoinníollacha sin difear d'fheidhmiú cuí SIS. I bhfianaise na dtorthaí agus na measúnuithe atá sna tuarascálacha meastóireachta sin, beidh feidhm ag Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013.

5. De mhaolú ar Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, cuirfidh Éire plean gníomhaíochta ar fáil don Choimisiún agus don Chomhairle chun aon easnamh arna sainaithint sna tuarascálacha meastóireachta a leigheas laistigh de thréimhse mí amháin ó dháta ghlactha na moltaí dá dtagraítear in Airteagal 15 den Rialachán sin a ghlacadh.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún sa mheasúnú a dhéanfaidh sé nach bhfuil an plean gníomhaíochta a chuirfidh Éire ar fáil leordhóthanach nó sa chás gur sainaithníodh sna tuarascálacha meastóireachta aon cheann de na heasnamh a d'fhéadfadh difear tromchúiseach a dhéanamh d'fheidhmiú cuí SIS, agus i gcás nach féidir le hÉirinn an t-easnamh sin a leigheas laistigh de thréimhse sé mhí ó dháta ghlactha na moltaí dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, scoirfidh Éire de bheith i dteideal rochtain oibríochtúil a bheith aici ar SIS go dtí go gcomhlíonfaidh Éire na coinníollacha chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm.

Chun a shuíomh an ndearna Éire na heasnamh a sainaithníodh a leigheas agus ar comhlíonadh na coinníollacha maidir le forálacha ábhartha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm, cuirfidh an Coimisiún measúnú faoi bhráid na Comhairle ag deireadh na tréimhse sé mhí dá dtagraítear sa dara fómhír. Tarchuirfidh an Coimisiún an measúnú sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa freisin.

I gcás go mbaintear de thátal as an meastóireacht nach bhfuil na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha *acquis* Schengen is gá d'fheidhmiú cuí SIS comhlíonta ag Éirinn, déanfaidh an Chomhairle na nithe seo a leanas, laistigh de thréimhse mí amháin ó dháta an mheasúnaithe sin, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme:

- (a) socróidh sí dáta óna scoirfidh pointe (a) d'Airteagal 1(2), Airteagal 1(4) agus (5) d'fheidhm a bheith acu; agus
- (b) glacfaidh sí na bearta idirthréimhseacha is gá chun malartú faisnéise forlíontaí a áirithiú maidir le foláirimh arna n-eisiúint in SIS roimh an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo.

Déanfaidh eu-LISA na socrúithe is gá chun Éire a dhícheangal ó SIS.

Scrúdóidh an Chomhairle, de réir mar is iomchuí, an staid d'fhonn cinneadh nua a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, lena socrófar an dáta ar a ndéanfaidh Éire na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(2) den Chinneadh seo.

6. Gan dochar do mhír 5 den Airteagal seo, ar na meastóireachtaí a chur i gcrích go rathúil, faoin 31 Nollaig 2022, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Chinneadh 2002/192/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 19, déanfaidh an Chomhairle scrúdú ar an staid d'fhonn cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh lena socrófar an dáta don chur i bhfeidhm críochnaitheach ag Éirinn maidir leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus (3) den Chinneadh seo.

Cuirfear san áireamh sa chinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an staid maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Airteagal 4

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcomhréir leis na conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Samhain 2020.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. ROTH

IARSCRÍBHINN

Liosta de ghníomhartha ar forbairtí iad ar *acquis* Schengen a chuirfidh Éire i bhfeidhm go sealadach

1. Gníomh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún sin) (IO C 197, 12.7.2000, lch. 1).
2. Treoir 2001/51/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001, lena bhforlíontar forálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún lena gcuirtear chun feidhme Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 (IO L 187, 10.7.2001, lch. 45).
3. Gníomh ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2001 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (forálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 den Phrótacal sin) (IO C 326, 21.11.2001, lch. 1).
4. Treoir 2002/90/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2002 lena sainmhínítear éascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus cónaí neamhúdaraithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 17) ⁽¹⁾.
5. Cinneadh Réime 2002/946/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2002 maidir leis an gcreat pionósach a neartú chun cosc a chur le héascú ar theacht isteach, idirthuras agus cónaí neamhúdaraithe (IO L 328, 5.12.2002, lch. 1) ⁽²⁾.
6. Cinneadh 2003/170/CGB an 27 Feabhra 2003 maidir le comhúsáid oifigeach idirchaidrimh arna bpostú thar lear ag gníomhaireachtaí forghníomhaithe dlí na mBallstát (IO L 67, 12.3.2003, lch. 27).
7. Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24).
8. Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le malartú eolais agus faisnéise idir údaráis forghníomhaithe dlí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a shimpliú (IO L 386, 29.12.2006, lch. 89).
9. Cinneadh 2006/560/CGB an 24 Iúil 2006 lena leasaítear Cinneadh 2003/170/CGB maidir le comhúsáid oifigeach idirchaidrimh arna bpostú thar lear ag gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na mBallstát (IO L 219, 10.8.2006, lch. 31).
10. Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).
11. Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50) ⁽³⁾.
12. Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1) ⁽¹⁾.

⁽¹⁾ Cuirfear an fhoráil seo in éifeacht go sealadach amhail ón 1 Eanáir 2022.

⁽²⁾ Cuirfear an fhoráil seo in éifeacht go sealadach amhail ón 1 Eanáir 2022.

⁽³⁾ Cuirfear an fhoráil seo in éifeacht go sealadach amhail ón 1 Eanáir 2022.

13. Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).
 14. Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).
 15. Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).
 16. Rialachán (AE) 2019/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le líonra Eorpach oifigeach idirchaidrimh inimirce a chruthú (IO L 198, 25.7.2019, lch. 88).
 17. Rialachán (AE) 2020/493 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 maidir leis an gcóras do Dhoiciméid Bhréagacha agus Doiciméid Bharántúla ar Líne (FADO) agus lena n-aisghairtear Gníomhaíocht Chomhphárteach 98/700/CGB ón gComhairle (IO L 107, 6.4.2020, lch. 1).
-